2024. M6K
(scrúdú iarchurtha)

2024L001G2IK

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

Páipéar 2

Gnáthleibhéal

2 uair 20 nóiméad

200 marc

**Tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Cuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

**Ceist 1: An Léamhthuiscint (100 marc)**
Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Ceist 2: An Prós (50 marc)**
Freagair 2A (Prós Ainmnithe) **nó** 2B (Prós Roghnach).

**2A.** Prós Ainmnithe (leathanach 8)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**2B.** Prós Roghnach (leathanach 9)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 3: An Fhilíocht (50 marc)**
Freagair 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** 3B (Filíocht Roghnach).

**3A.** Filíocht Ainmnithe (na leathanaigh 10–12)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**3B.** Filíocht Roghnach (leathanach 13)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

| Ceist 1 | Léamhthuiscint | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Fear Óg Suimiúil

1. Is fear óg suimiúil é Séaghan Ó Súilleabháin ar go leor bealaí éagsúla. Tá aithne níos fearr ag daoine air mar 'The Kerry Cowboy', leasainm a thugtar air mar gheall ar na meáin shóisialta go háirithe. Rugadh agus tógadh Séaghan i gContae Chiarraí, agus chaith sé a óige ag obair ar an bhfeirm lena thuismitheoirí. Tá feirm mhuintir Uí Shúilleabháin suite díreach in aice leis na sléibhte idir na Cruacha Dubha agus Sliabh Mis i gCiarraí thiar theas. Ceapann Séaghan go bhfuil an t-ádh dearg air go bhfuil cónaí air in áit álainn. Nuair a bhí sé ina leaid óg chaith Séaghan a lán ama ar Oileán Dhairbhre ag cuidiú lena sheanmháthair nuair a fuair a sheanathair bás. Ba ansin a d'fhoghlaim sé a chuid Gaeilge.

2. Cé go bhfuil Séaghan cáilithe mar mhúinteoir tá an fheirmeoireacht go smior ann féin agus ina thuismitheoirí. Nuair a bhí sé óg bhíodh sé féin agus an teaghlach ag obair ar an bhfeirm ó dhubh go dubh, i rith na seachtaine. Is beag am saor a bhíodh acu. Tá ba, caoirigh agus uain ar an bhfeirm atá ag muintir Uí Shúilleabháin. Ceapann Séaghan go bhfuil obair na feirme an-deacair. Tuigeann sé go bhfuil an aimsir an-tábhachtach don fheirmeoireacht. Nuair a thagann an drochaimsir bíonn ar na hainmhithe fanacht taobh istigh. Bíonn níos mó bia ag teastáil uathu agus uaireanta buaileann tinnis iad chomh maith. Deir Séaghan go mbíonn saol uaigneach ag a lán feirmeoirí aonair. Chomh maith leis sin, deir Séaghan go bhfuil sé deacair mórán airgid a dhéanamh ar an bhfeirmeoireacht agus, mar gheall air sin, gur minic a bhíonn poist eile ag a lán feirmeoirí.

3. Bhí an-suim i gcónaí ag Séaghan sna hainmhithe ó bhí sé ina bhuachaill óg. Nuair a bhí sé trí bliana d'aois bhí peata madra aige darbh ainm Pedro. Bhí lao aige mar pheata chomh maith agus deir Séaghan go leanadh sí timpeall na feirme é! Is breá le Séaghan a bheith ag marcaíocht ar chapall ó bhí sé ina bhuachaill óg. Ceapann daoine go bhfuil sé ábalta labhairt leis na hainmhithe, go mór mór le capaill agus le madraí. Fuair Séaghan madra nua le linn na paindéime sa bhliain 2020. Fuair sé Braindí mar choileán ó chara leis, agus bhí a fhios ag Séaghan gur madra cliste í chomh luath agus a chonaic sé í. Is madra caorach í agus tugann sí lámh chúnta do Shéaghan nuair a bhíonn sé ag obair leis na caoirigh. Creid é nó ná creid, is madra dátheangach í Braindí! Tuigeann sí na treoracha a thugann Séaghan di trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.



4. Tá clú agus cáil bainte amach ag Séaghan ar na meáin shóisialta le blianta beaga anuas. Lá amháin rinne sé físeán de Bhraindí, agus í ag obair ar an bhfeirm, a uaslódáil ar *TikTok*. Tháinig méadú ar an líon leantóirí a bhí ag Séaghan thar oíche: an mhaidin dár gcionn, bhí an físeán feicthe ag 50,000 duine. Is as sin a d'fhás a phróifíl ar líne. Tá níos mó ná

200,000 leantóir aige anois ar fud an domhain. Tá 70% de na leantóirí sin ina gcónaí i Meiriceá agus san Astráil! Bhí a lán ceisteanna ag na leantóirí faoi Bhraindí ar dtús, ach tar éis tamaill thosaigh siad ag cur suime i gcúrsaí feirmeoireachta in Éirinn. Nuair a thosaigh Séaghan ag úsáid Gaeilge ar *TikTok* chuir roinnt dá leantóirí suim sa teanga. Deir Séaghan go bhfuil cuid dá leantóirí i Meiriceá agus san Astráil ag foghlaim Gaeilge ar líne anois!

**5.** Tá grá ollmhór ag Séaghan dá theanga dhúchais. Deir sé go bhfuil an Ghaeilge an-tábhachtach dár gcultúr agus gur maith leis a dhícheall a dhéanamh an teanga a chur chun cinn. Sa bhliain 2022, bhí bród mór ar Shéaghan nuair a roghnaíodh é mar dhuine d'ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge. Ghlac sé páirt sa chlár teilifíse *Mo Pheata*. Chuaigh sé timpeall na tíre ag bualadh le leanaí agus a gcuid peataí. Craoladh clár taistil ar TG4 i mí Aibreáin 2023 darb ainm *Téacs Taistil* agus ghlac Séaghan páirt sa chlár sin freisin. Thaistil sé timpeall na hEorpa in éineacht le beirt eile darb ainm Louise Cantillon agus Proinsias Ó Coinn. Thug siad cuairt ar an Spáinn, ar an gCróit, ar an Ísiltír agus ar go leor tíortha eile; suíomh difriúil gach seachtain agus gan ach dhá lá acu le hullmhú don turas. Dúshlán mór don 'Kerry Cowboy'! Bíonn Séaghan le feiceáil ar chláir theilifíse agus ar na meáin shóisialta go minic na laethanta seo.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** **(a)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin áit a bhfuil feirm mhuintir Uí Shúilleabháin suite. (Alt 1)

**(b)** Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin am a chaith Séaghan ar Oileán Dhairbhre nuair a bhí sé ina leaid óg. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** **(a)** Cad a bhíodh ar siúl ag Séaghan agus an teaghlach nuair a bhí sé óg? (Alt 2)

**(b)** Cén fáth a mbíonn poist eile ag a lán feirmeoirí, dar le Séaghan? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** **(a)** Luaigh **dhá** rud a léiríonn go raibh suim ag Séaghan i gcapaill ó bhí sé ina bhuachaill óg. (Alt 3)

**(b)** Cad a thugann le fios gur madra dátheangach í Braindí? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** **(a)** Cén fáth ar tháinig méadú ar an líon leantóirí a bhí ag Séaghan ar *TikTok* thar oíche? (Alt 4)

**(b)** Luaigh **dhá** rud a tharla nuair a thosaigh Séaghan ag úsáid Gaeilge ar *TikTok*. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** **(a)** Cén fáth a raibh bród mór ar Shéaghan sa bhliain 2022? (Alt 5)

**(b)** Scríobh síos **dhá** áit a mbíonn Séaghan le feiceáil go minic na laethanta seo. (Alt 5)

(10 marc)

**B – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

**1.** Tá Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha suite i gcroílár shléibhte Dhoire Bheatha, i gContae Dhún na nGall, leath bealaigh idir Leitir Ceanainn agus cósta an Atlantaigh. Tá Sliabh Sneachta agus cuid den Earagail mar pháirt den eastát. Is ceantar fiáin, álainn, iargúlta é. Tá Caisleán Ghleann Bheatha suite ar bhruach Loch Ghleann Bheatha. Tá a lán crann, plandaí, ainmhithe agus éan le feiceáil timpeall an chaisleáin ar an eastát. Bíonn na cuairteoirí a thagann chuig an eastát ag súil go bhfeicfidh siad ainmhí fiáin ar nós giorria nó madra rua le linn a gcuairte. Tá cónaí ar an bhfia rua sna sléibhte chomh maith, agus nuair a thagann sneachta an gheimhridh deir daoine go mbíonn fia amháin a bhfuil srón dhearg air le feiceáil ann! Bhí scéal mór sa nuacht sa bhliain 2001 nuair a tugadh an t-iolar fíréan go Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Ní raibh aon iolar fíréan in Éirinn ar feadh céad bliain roimhe sin.

**2.** Rugadh John George Adair i gContae Laoise, ach nuair a bhí sé ina fhear óg chuaigh sé go Meiriceá. Rinne sé a lán airgid ag obair i Meiriceá sular tháinig sé féin agus a bhean chéile, Cornelia, go Dún na nGall. Sa bhliain 1859, cheannaigh Adair Gleann Bheatha agus Gartan, 28,000 acra talún, agus bhunaigh sé Eastát Ghleann Bheatha. Tiarna talún cruálach ba ea Adair. Sa bhliain 1861 chaith sé 244 duine amach as a dtithe. Bhí fuath ag muintir na háite ar an tiarna talún John George Adair dá bharr. Rinne Adair a lán oibre ar Eastát Ghleann Bheatha. Thóg sé an caisleán idir 1867 agus 1873. Chuir sé crainn phéine agus thug sé isteach an fia rua as Albain. Roinnt blianta ina dhiaidh sin chuaigh Adair ar ais go Meiriceá. Fuair sé bás tobann in St. Louis sa bhliain 1885.

**3.** Tar éis bhás John George Adair bhí roinnt úinéirí difriúla i gceannas ar an eastát. Sa bhliain 1938 cheannaigh Henry McIlhenny, Meiriceánach saibhir, Eastát Ghleann Bheatha. Bhí suim mhór ag McIlhenny i gcúrsaí ealaíne. Rinne sé staidéar ar an ealaín in Ollscoil Harvard agus bhain sé céim amach sa bhliain 1933. Bhailigh sé a lán pictiúr agus thóg sé saothar mór ealaíne leis go Caisleán Ghleann Bheatha. Tá cuid de na pictiúir ar crochadh ar na ballaí sa chaisleán go dtí an lá atá inniu ann. Chomh maith leis sin, rinne McIlhenny tuilleadh forbartha ar ghairdíní an chaisleáin. Thug sé isteach plandaí ó áiteanna éagsúla, Meiriceá Theas, an tSín agus an Tasmáin ina measc. Idir 1975 agus 1983 bhronn Henry McIlhenny an talamh agus an caisleán féin ar rialtas na hÉireann. Bhí cead aige féin cónaí sa chaisleán ar feadh a shaoil. Fuair Henry McIlhenny bás sa bhliain 1986.



**4.** Tugann os cionn 200,000 duine cuairt ar Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha gach bliain. Is féidir le cuairteoirí cuid mhór rudaí a dhéanamh ansin. In ionad na gcuairteoirí, cuirtear taispeántais ar siúl agus cuirtear eolas ar fáil do chuairteoirí. Bíonn ranganna agus ceardlanna ar siúl faoin timpeallacht. Téann páistí ar thurais scoile go Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha chun eolas a fháil ar an nádúr, ar stair na páirce agus ar stair an chaisleáin. Is féidir le cuairteoirí dul

ag rothaíocht, dul ar shiúlóidí ar na cosáin nó dul ag fánaíocht sna sléibhte. Is féidir leo iascaireacht ar an loch chomh maith, ach bíonn orthu cead a fháil roimh ré. Tá a lán rudaí le feiceáil ag cuairteoirí sa chaisleán, mar shampla, troscán seanda, pictiúir cháiliúla agus fiú mórphianó a bhí ag Henry McIlhenny.

**5.** Bíonn Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha oscailte do chuairteoirí seacht lá na seachtaine i rith na bliana ach amháin i rith sheachtain shaoire na Nollag. Bíonn cead isteach saor in aisce go dtí an t-eastát ag cuairteoirí. Is féidir ticéad a cheannach chun turas an chaisleáin a dhéanamh. Tógann sé timpeall tríocha nóiméad le siúl ón gcarrchlós go dtí an caisleán. Más mian le duine a scíth a ligean, is féidir leis bus a fháil go dtí an caisleán agus tá na busanna oiriúnach do chathaoireacha rothaí. Tá áiseanna itheacháin i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha freisin. Tá bialann ina bhfuil suíocháin do chéad duine in ionad na gcuairteoirí, agus tá siopa galánta tae ar bhruach an locha. Tá cead ag madraí siúl sa pháirc chomh maith ach iad a bheith ar iall dar ndóigh!

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** **(a)** Cén áit i gContae Dhún na nGall a bhfuil Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha suite? (Alt 1)

**(b)** Cén scéal mór faoi Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a bhí sa nuacht sa bhliain 2001? (Alt 1)

(10 marc)

**2.** **(a)** Cén fáth a raibh fuath ag muintir na háite ar an tiarna talún John George Adair? (Alt 2)

**(b)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin obair a rinne John George Adair ar Eastát Ghleann Bheatha. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** **(a)** Scríobh síos **dhá** phíosa eolais a léiríonn go raibh suim mhór ag Henry McIlhenny i gcúrsaí ealaíne. (Alt 3)

**(b)** Cad a tharla idir 1975 agus 1983? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** **(a)** Luaigh **dhá** fháth a dtéann páistí ar thurais scoile go Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. (Alt 4)

**(b)** Ainmnigh **dhá** rud atá le feiceáil ag cuairteoirí sa chaisleán. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** **(a)** Cathain a bhíonn Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha oscailte do chuairteoirí? (Alt 5)

**(b)** Scríobh síos an **dá** phíosa eolais faoi na háiseanna itheacháin atá i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. (Alt 5)

(10 marc)

## Ceist 2 — Prós – Ainmnithe nó Roghnach — 50 marc

Freagair **2A** (Prós Ainmnithe) **nó 2B** (Prós Roghnach).

### 2A — PRÓS AINMNITHE — 50 marc

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c) thíos.

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**

**(i)** Déan cur síos ar an gcuma atá ar Lisín. Tabhair **dhá** phointe eolais.
**(ii)** Bíonn Lisín gnóthach ina ball de mhórán cumann agus eagraíochtaí. Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na rudaí a bhíonn ar siúl aici.
**(iii)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na hullmhúcháin a rinne Lisín don chóisir.
**(iv)** Déan cur síos ar na buachaillí Ruán agus Cuán. Is leor **dhá** phointe eolais.
**(v)** Inis conas mar a rinne Pól a chuid airgid. Is leor **dhá** phointe eolais.

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís.*

**Dís**

Tabhair cuntas ar an méid a tharla sa ghearrscéal *Dís* ón uair a léigh Seán agus a bhean chéile toradh an tsuirbhé sa pháipéar go dtí deireadh an scéil.

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

Déan cur síos ar na rudaí a tharla sa scéal *Oisín i dTír na nÓg* ón lá a bhuail Oisín le Niamh Chinn Óir go dtí deireadh an scéil.

(25 marc)

| 2B | PRÓS ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c) thíos.

**(a)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghiota sin. Déan cur síos ar an gcineál saoil atá ag an duine sin sa ghiota.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghearrscéal sin. Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn don duine sin sa ghearrscéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(c)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scéal sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

| Ceist 3 | Filíocht – Ainmnithe nó Roghnach | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **3A** (Filíocht Ainmnithe) **nó 3B** (Filíocht Roghnach).

| 3A | FILÍOCHT AINMNITHE | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c).

**(a) Colscaradh**

**(i)** Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugtar dúinn i véarsa a haon sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

**(ii)** Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, **dhá** cheann de na rudaí ab fhearr leis an mbean i véarsa a dó sa dán.

(8 marc)

**(iii)** An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

**Colscaradh**

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**(b) An tEarrach Thiar**

**(i)** Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin atmaisféar i véarsa a haon sa dán.

(8 marc)

**(ii)** **(a)** Cad atá sa chliabh i véarsa a dó sa dán?
**(b)** Cad iad na dathanna a luaitear i véarsa a dó sa dán?
**(c)** Cá bhfuil na mná i véarsa a trí sa dán?

(8 marc)

**(iii)** Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den churrach a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(9 marc)

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
  Binn an fhuaim
  San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
  Niamhrach an radharc
  San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
  Támh-radharc síothach
  San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
  San Earrach thiar.

**(c) An Spailpín Fánach**

**(i)** Tabhair cuntas, **i d'fhocail féin**, ar an sórt saoil a bhí ag an spailpín i véarsa a haon sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

**(ii)** Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den spailpín a thugtar dúinn agus é ar mhargadh na saoire i véarsa a trí sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

**(iii)** An bhfuil trua agat don spailpín fánach sa dán seo?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

**An Spailpín Fánach**

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

| 3B | FILÍOCHT ROGHNACH | 50 marc |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) **nó** (c) thíos.
**Níl cead an dán roghnach céanna** a úsáid **faoi dhó** sna freagraí ar (a), (b) **nó** (c) thíos.

**(a)** **(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin, dar leat? Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an bpríomhthéama sin sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(9 marc)

**(ii)** Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) sin. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

**(iii)** An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** **(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

**(ii)** Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat?
Scríobh síos **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

**(iii)** Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán seo, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** **(i)** Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas, **i d'fhocail féin**, ar phríomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

**(ii)** Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** sa dán a thaitníonn leat. Déan cur síos ar an íomhá (ar an bpictiúr) sin, **i d'fhocail féin.** (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

**(iii)** Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, rud **amháin** a thaitníonn leat agus rud **amháin** nach dtaitníonn leat faoin dán seo.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Cuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 2

2 uair 20 nóiméad